CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 14 Iúil 2023

lena leasaítear Cinneadh 98/481/CE lena bhformheastar iniúchóirí seachtracha an Bhainc Ceannais Eorpaigh

(2023/C 275/08)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Phrótacal maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 27.1 de,

Ag féachaint do Mholadh BCE/2023/15 ón mBanc Ceannais Eorpach an 6 Meitheamh 2023 chuig Comhairle an Aontais Eorpaigh maidir le hiniúchóirí seachtracha an Bhainc Ceannais Eorpaigh ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá iniúchóirí seachtracha neamhspleácha, arna moladh ag Comhairle Rialaithe an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) agus arna bhformheas ag Comhairle an Aontais Eorpaigh, le hiniúchadh a dhéanamh ar chuntais BCE agus ar bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

(2) In 2017, roghnaigh BCE Baker Tilly GmbH & Co. KG Wirtschaftsprüfungsgesellschaft mar iniúchóirí seachtracha BCE do na blianta airgeadais 2018 go 2022, agus an rogha ann síneadh a chur leis an sainordú go dtí na blianta airgeadais 2023 agus 2024 ([2]).

(3) Tháinig deireadh le sainordú Baker Tilly GmbH & Co. KG Wirtschaftsprüfungsgesellschaft tar éis an iniúchta don bhliain airgeadais 2022. Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, iniúchóirí seachtracha a cheapadh ón mbliain airgeadais 2023.

(4) Tá sé beartaithe ag BCE síneadh a chur le sainordú Baker Tilly GmbH & Co. KG Wirtschaftsprüfungsgesellschaft go dtí na blianta airgeadais 2023 agus 2024. Is i gcomhréir leis na socruithe conarthacha idir BCE agus Baker Tilly GmbH & Co. KG Wirtschaftsprüfungsgesellschaft ar féidir síneadh a chur leis an sainordú.

(5) Mhol Comhairle Rialaithe BCE go gceapfaí Baker Tilly GmbH & Co. KG Wirtschaftsprüfungsgesellschaft mar iniúchóirí seachtracha BCE do na blianta airgeadais 2023 agus 2024.

(6) Is iomchuí an moladh ó Chomhairle Rialaithe BCE a leanúint agus Cinneadh 98/481/CE ([3]) ón gComhairle a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1 de Chinneadh 98/481/CE:

'*Airteagal 1*

Leis seo, déantar Baker Tilly GmbH & Co. KG Wirtschaftsprüfungsgesellschaft a fhormheas mar iniúchóirí seachtracha BCE do na blianta airgeadais 2023 agus 2024.'.

([1]) IO C 208,15.6.2023, lch. 1.

([2]) Moladh BCE/2017/42 ón mBanc Ceannais Eorpach an 15 Nollaig 2017 chuig Comhairle an Aontais Eorpaigh maidir le hiniúchóirí seachtracha an Bhainc Ceannais Eorpaigh (IO C 444, 23.12.2017, lch. 1).

([3]) Cinneadh 98/481/CE ón gComhairle an 20 Iúil 1998 lena bhformheastar iniúchóirí seachtracha an Bhainc Ceannais Eorpaigh (IO L 216, 4.8.1998, lch. 7).

Airteagal 2

Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh seo an lá a dtabharfar fógra faoi.

Airteagal 3

Dírítear an Cinneadh seo chuig BCE.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Iúil 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
L. PLANAS PUCHADES